

TRÁTH NA GCEIST!
PUZAIL!
CLUICHÍ!

AGUS
TUILLEADH

ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA

Pacáiste Seomra Ranga



Bain triail as Dúshlán
Damhsa Chisté na Cásc

1916

Foghlaim faoi 1916 agus faoi
Ruairí Mac Easmainn Cruthaigh d'fhorógra féin

FORÓGRA

AN CHÁISC...in Éirinn

Nuair a smaoiníonn tú ar an gCáisc in Éirinn, cad é a thagann chun cuimhne? Léigh faoin gcaoi a gceiliúrtar an Cháisc in Éirinn agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

BIA

Bíonn an-tábhacht leis an mbia le linn na Cásca, agus ar cheann de na príomhthraidisiúin, ullmhaítear féasta mór teaghlaigh Domhnach Cásca! Is iad na bianna is coitianta a itear an lá sin uaineoil rósta, agus anraith cainneann. Ar bhain tú riamh triail astu? Is minic a fhaigheann páistí uibheacha Cásca seacláide, óna dteaghlach nó ó choinín ar a dtugtar coinín na Cásca!



DAMHSA

In áiteanna áirithe in Éirinn, is cuid an-tábhachtach de thraidisiún na Cásca é an damhsa freisin. Éiríonn roinnt teaghlach ag breacadh an lae Domhnach Cásca chun damhsa a dhéanamh mar cheiliúradh ar an lá, agus bíonn comórtas mór damhsa císte ar a dtugtar pruthóg ag daoine eile, agus tugtar cáca nó bairín breac mar dhuais!



STAIR

In Éirinn, ceanglaítear ceiliúradh na Cásca le ceiliúradh an earraigh agus le féile ársa Cheilteach agus pháganach Imbolc nó Imbolg. Tagann na siombailí a bhaineann leis an gCáisc - lena n-áirítear uibheacha, coiníní agus bláthanna - ó na traidisiúin ársa sin, de bhí gur siombailí iad den earrach, den fhás agus den athbhreith. Cuireann go leor teaghlach síolta nó lusanna an chromchinn timpeall an ama seo.



CREIDEAMH

In Éirinn, déantar an Cháisc a cheiliúradh fós go forleathan mar shaoire reiligiúnach, agus is í an ócáid is tábhachtaí san fhéilire Críostaí í. Ceiliúránn Críostaithe an tsaoire seo thar thréimhse ceithre lá ó Dhéardaoin na gComaoineach go Domhnach Cásca, agus glactar páirt i roinnt searmanais reiligiúnacha amhail guí ag 'Stáisiúin na Croise' agus freastal ar Aifreann Dhomhnach Cásca.



Seo a leanas traidisiúin agus creidimh ghreannmhara eile a mhaireann fós in Éirinn:

Má fhaigheann tú bearradh gruaige ar Aoine an Chéasta ní bheidh tinneas cinn ort an chuid eile den bhliain!



Creidtear gur féidir le leanaí a saolaíodh ar Aoine an Chéasta daoine a leigheas.

BLAISEADH d'Éirí Amach na Cásca 1916

Ní hamháin gur ceiliúradh traidisiúnta a bhíonn ar siúl in Éirinn timpeall aimsir na Cásca, is am an-tábhachtach é freisin chun stair na hÉireann a thabhairt chun cuimhne. Ba ar Luan Cásca 1916 a tharla eachtra in Éirinn ar a dtugtar 'Éirí Amach na Cásca' sa lá atá inniu ann.



RIAIL NA BREATAINE

Ag an am sin bhí Éire á rialú ag muintir na Breataine. D'esaontaigh go leor daoine le rialú na Breataine in Éirinn agus mar sin theastaigh uathu éirí amach agus poblacht neamhspleách a chruthú – tír faoi cheannas uachtaráin seachas rí nó banríon. Tugadh Bráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) ar an bpríomhghrúpa a bhí á iarraidh sin, agus phleanáil siad éirí amach a tharla in 1916.

Bráithreachas
Phoblacht na
hÉireann




Ard-Oifig an Phoist (GPO),
Baile Átha Cliath

LUAN CÁSCA

Luan Cásca, an 24 Aibreán 1916, ghlac grúpa mór fear agus ban seilbh ar phríomhfoirgnimh i gcathair Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear sainchomharthaí tíre amhail Halla na Saoirse, Caisleán Bhaile Átha Cliath agus Ard-Oifig an Phoist, a bhí mar cheanncheathrú ag na reibiliúnaigh freisin.

Pádraig Mac
Piarais ag léamh
fhorógra 1916



Ar chéimeanna Ard-Oifig an Phoist, léigh ceannaire na reibiliúnach, Pádraig Mac Piarais, dearbhú neamhspleáchais nua na hÉireann, ar a dtugtar anois Forógra 1916. Bhí an-tábhacht leis an gcáipéis sin agus luadh inti gur chóir go mbeadh cead ag gach fear agus bean de chuid na hÉireann a bheith i gceannas orthu féin, agus gur chóir go mbeadh an tír saor ó aon idirghabháil ón mBreatain. Thosaigh an troid go luath ina dhiaidh sin ar shráideanna Bhaile Átha Cliath agus scriosadh go leor foirgneamh, gortaíodh a lán daoine, agus fuair beagnach 500 duine bás.

GÉILLEADH AGUS GABHÁIL



Tar éis seachtain troda thuig na reibiliúnaigh nach mbeadh siad in ann Arm na Breataine a chloí, agus chun cosc a chur ar aon ghortú nó bás eile, ghéill siad agus gabhadh iad. Daoradh chun báis go leor de cheannairí agus d'óglaigh na hÉireann mar thoradh ar thréas (an coir a bhaineann le feall a dhéanamh ar thír rialaithe an duine).

OIDHREACTH

Cé nár thacaigh formhór na ndaoine in Éirinn le hÉirí Amach na Cásca i dtús báire, nuair a scaipeadh an scéal go gcuirfí ceannairí chun báis, rinneadh laochra díobh agus thosaigh daoine eile ag tacú leis an gcúis. Cé nár éirigh leis na reibiliúnaigh a sprioc a bhaint amach ag an am, lean imeachtaí eile in Éirinn Éirí Amach na Cásca agus sa deireadh bhí Éire ina poblacht neamhspleách.

CRUTHAIGH DO SMAOINEAMH FORÓGRA

FORÓGRA

Cáipéis ba ea Forógra 1916 chun muintir na hÉireann a spreagadh chun gnímh. Liostáladh ann cearta agus dualgais éagsúla ba cheart a bheith ag Éireannaigh in Éirinn nua neamhspleách, lena n-áirítear éirí aníos chun a saoirse a fháil ar ais, agus cearta comhionanna oibre, deiseanna agus sonais.

Agus tú ag baint úsáid as do chuid samhlaíochta, cruthaigh d'fhorógra féin do do theaghlach. I d'fhorógra, lig ort go bhfuil tú i gceannas ar an teaghlach. Ba chóir duit glao amháin ar a laghad ar ghníomh, ceart, agus dualgas a lua nach mór do gach duine sa teaghlach a chomhlíonadh le chéile chun feabhas a chur ar an saol sa teach.



FÉIN!

MAR SHAMPLA

"Iarraim ar gach ball den teaghlach seo glacadh go fonnmhar le sonas agus le háthas! Tá sé de cheart ag gach ball den teaghlach seo a bheith sásta. Dá bhrí sin, caithfidh na baill go léir sealanna a ghlacadh agus an cluiche is fearr le gach duine a imirt ar feadh leathuair an chloig gach lá!"

CRUTHAIGH D'FHORÓGRA FÉIN

Iarraim ar bhaill an tí seo ...

Tá sé de cheart ag gach ball den teaghlach seo ...

Dá bhrí sin, caithfidh gach ball den teaghlach seo ...

Anois smaoinigh ar
d'fhorógra féin agus scríobh
do chuid smaointe thíos:

Nuair a bheidh smaointe agat
le haghaidh an fhorógra,
cruthaigh ceann le crochadh
sa bhaile ag baint úsáid as na
treoracha thíos!

Cad a bheidh uait:

- ⇒ Cairtchlár
- ⇒ Páipéar
- ⇒ Pinn / pinn luaidhe
- ⇒ Gliú
- ⇒ Tac gorm
- ⇒ Mála tae dubh
- ⇒ Uisce te / muga
- ⇒ Páipéar bácála / sean-nuachtán

TREORACHA

- 1 Ar dtús faigh trí bhileog pháipéir bhána A4. Agus tú ag baint úsáid as peann gránbhiorach, scríobh amach ceannteideal an fhorógra, mar shampla 'Forógra Tim' agus scríobh cuid de na smaointe thíos faoi.
- 2 Ansin, beidh ort cuma beagán níos sine a chur ar d'fhorógra. Déanfaimid é sin le mála tae agus modh ar a dtugtar 'smálú tae':
 - a. Faigh cabhair ó dhuine fásta chun uisce a fhiuchadh agus ansin cuir mála tae ann ar feadh 5 nó 10 nóiméad, go dtí go bhfuil an t-uisce bogthe.
 - b. Leag an páipéar le haghaidh an fhorógra ar shean-nuachtán nó ar pháipéar bácála, ionas nach gcruthófar praiseach.
 - c. Ansin, tóg an mála tae, agus brúigh síos ar an bpáipéar é chun smáil a chruthú. Is féidir an bhileog iomlán a chlúdach leis an tae, nó cuid de - bí cruthaitheach!... Fág ag triomú é.
- 3 Nuair a bheidh d'fhorógra tirim, is féidir leat é a mhaisiú mar ba mhaith leat! Bain úsáid as pinn nó as pinn luaidhe ildaite, agus b'fhéidir gur mhaith leat fiú cuid de na coirnéil a shracadh nó an páipéar a chrapadh ar a chéile beagán, chun cuma níos sine fós a chur air.
- 4 Ar deireadh, greamaigh an páipéar ar pháipéar cairtchláir, nó ar bhileog pháipéir eile chun é a neartú.
- 5 Agus tú ag baint úsáid as an tac gorm, croch d'fhorógra ar bhalla sa bhaile agus lig do gach duine iontas a dhéanamh do do dheardh!



FÓCAS AR

Ruairí Mac Easmainn

AINM

Ruairí Mac Easmainn

DÁTA BREITHE

7 Meán Fómhair 1864

Suíomh an Mhúsaem

Gailearaí Cheannairí an

Athraithe

Tá cáil na ceannairce ar na hÉireannaigh feadh na staire, mar sin ní haon ionadh é gur tharla eachtraí amhail Éirí Amach na Cásca, faoinar fhoghlaim muid thuas, i stair na hÉireann. Tá go leor daoine tábhachtacha ann i gcaitheamh na mblianta a chuir leis an ngné seo de na Gaeil. Tá Ruairí Mac Easmainn ar cheann de na daoine sin s bhfuil eolas le fáil air in EPIC Músaem Imirce na hÉireann. Léigh beagán faoi thíos, ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

Gníomhaí daonnúil, file agus ceannaire de chuid Éirí Amach na Cásca ba ea Mac Easmainn

LUATHSHAOL

Rugadh Ruairí Mac Easmainn ar 7 Meán Fómhair 1864 i gCuas an Ghainimh, Baile Átha Cliath, i dteaghlach Angla-Éireannach. Dá bhri sin, bhí idir Bhriotáinigh agus Éireannaigh sa teaghlach. Chaith sé formhór a shaoil ag obair i Státseirbhís na Breataine.

SIOMBAIL DE THROID NA N-ÉIREANNACH

In 1913, d'éirigh sé as a phost agus chuaigh sé isteach go tapa in Óglaigh na hÉireann – eagraíocht mhíleata a chabhraigh le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann agus iad ag troid ar son an neamhspleáchais. D'oibrigh sé mar earcaitheoir dóibh, agus é ag iarraidh daoine eile a mhealladh troid ar son na cúise. Mar chuid de sin, tháinig cáil dhomhanda air mar shiombail de throid na nÉireannach.

Gabhadh ar Aoine an Chéasta é ar an long Ghearmánach 'the Aud' i dTrá na mBeannaí, Co. Chiarraí.

GNÍOMHAÍ DAONNÚIL

Gníomhaí daonnúil ba ea é ar feadh a shaoil agus bhí cáil air as an aire mhaith a thug sé do dhaoine eile. Cé go raibh sé ag obair do rialtas na Breataine, thosaigh amhras ag teacht air i dtaca leis an gcóras impiriúil (riail eachtrach i dtíortha eile) tar éis dó a fháil amach chomh holc is agus a caitheadh le daoine de bhunadh na háite san Afraic.

Chuaigh sé isteach in Óglaigh na hÉireann agus bhí sé ina aghaidh ar throid na nÉireannach ar son an neamhspleáchais

ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA 1916

Cé go raibh Ruairí ar dhuine de phríomhcheannairí Éirí Amach na Cásca, níor ghlac sé riamh páirt san éirí amach féin! Gabhadh é Aoine an Chéasta agus é ag iarraidh gunnaí a smuglaíl isteach go hÉirinn – go díreach trí lá sular tharla Éirí Amach na Cásca! Nuair a bhris an troid amach, bhí sé i Londain á cheistiú mar gheall ar an mbaint a bhí aige leis. Daoradh chun báis é agus d'éag sé 3 Lúnasa 1916 agus gan é ach 51 bliain d'aois.





TRÁTH NA GCEIST AR RUIRÍ MAC EASMAINN



1 Cén uair agus cén áit ar rugadh Ruairí Mac Easmainn?

2 Cén bhliain ar éirigh Mac Easmainn as an státseirbhís?

3 Líon isteach na litreacha atá ar iarraidh le fáil amach cén eagraíocht Éireannach ina ndeachaigh Mac Easmainn nuair a d'éirigh sé as.

Ó a g n É e n

4 Cén uair a gabhadh Mac Easmainn?

5 Bog thart na litreacha chun a fháil amach cár ceistíodh Ruairí Mac Easmainn tar éis a ghabhála.

D A N I N O L →

6 Samhlaigh gur tusa Ruairí Mac Easmainn, agus go bhfuil na Briotanaigh díreach tar éis tú a ghabháil agus tú ag iarraidh gunnaí a smuglail go hÉirinn. Cuirfear chun trialach thú maidin amárach. Ullmhaigh an chosaint a úsáidfidh tú sa chúirt thíos:

A bhaill den ghiúiré...

Fragairt: 1.1 Meán Fómhair 1864, (uas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath 2.1913 3. Óglair na hÉireann 4. Aoinne an Chéasta 1916 5. Londain

CRUTHAIGH DO

DHAMHSA CÍSTE FÉIN LE HAGHAIDH ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA...DÚSHLÁN

In áiteanna áirithe in Éirinn, reáchtáiltear comórtas mór damhsa císte ar a dtugtar pruthóg um Cháisc. Tugtar císte mar dhuais don damhsóir is fearr, agus roinneann sé ansin é idir na hiomaitheoirí eile mar ba mhaith leis.

Glacann go leor teaghlach páirt sa traidisiún seo freisin. Bain triail as an gcomórtas seo i do theach féin. Beidh cabhair ó dhuine fásta ag teastáil.



TREORACHA

1. Agus tú ag baint úsáid as cibé oideas borróige atá agat, cruthaigh meascán borróige.
2. Ba chóir go mbeadh a chás borróige féin ag gach ball den teaghlach.
3. Agus sealanna á nglacadh, is gá do gach ball teaghlaigh cuid den mheascán borróige a dhoirteadh isteach ina chás borróige féin.
4. Faigh duine fásta chun na borróga a chur isteach san oigheann agus fág ansin iad an fad a mholtar.
5. Féach ar na borróga ag ardú - is rás é chun a fheiceáil cén bhorróg is gaiste a ardóidh! Beidh an bua ag an duine leis an mborróg is airde nuair a bheidh an t-am istigh!
6. Faigh duine fásta chun na borróga a thógáil amach as an oigheann agus iad a fhágáil ar raca fuaraithe sreang.
7. Cibé duine leis an mborróg is airde, beidh an deis acu damhsa císte a dhearadh a chaithfidh an teaghlach ar fad a fhoghlaim. Níor cheart go mairfeadh an damhsa níos faide ná 30 soicind.
8. Anois, i sealanna, déanaigí an damhsa timpeall ar na borróga. An té is mó a chuirfidh gach duine ag gáire, beidh sé ina bhuaiteoir, agus gheobhaidh sé an bhorróg is mó le hithe!

Cad a bheidh uait:

- Meascán borróige
- Cás borróige le haghaidh gach ball teaghlaigh
- Tráidire bácála
- Oigheann
- Tráidire fuaraithe raca sreang
- Ceol



Ná déan dearmad do chuid gluaiseachtaí damhsa is fearr a sheoladh chugainn! Roinn do dhamhsa císte le haghaidh Éirí Amach na Cásca linn agus úsáid an haischlib #EPICMuseum